*Déardaoin*, 8 *Iúil,* 2004
*Thursday*, 8*th July,* 2004

10.30 a.m.

## ORD GNÓ
## ORDER OF BUSINESS

**14.** Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2004 [Vótaí 28 agus 29].
Revised Estimates for Public Services 2004 [Votes 28 and 29].

**14*a*.** Tairiscint *maidir leis* an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.
Motion *re* Freedom of Information Act 1997.

**15.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis na Rialacháin um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Forordaithe) 2004 [*A ndearna an Roghchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí a bhreithniú an 1 Iúil 2004*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of Taxes Consolidation Act 1997 (Prescribed Research and Development Activities) Regulations 2004 [*Considered by the Select Committee on Enterprise and Small Business on 1st July, 2004*].

**16.** Tairiscint *maidir le* ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le tarchur gáis nádúrtha leis an dara píblíne [*A ndearna an Roghchoiste um Chumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha a bhreithniú an 6 Iúil 2004*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the transmission of natural gas by a second pipeline [*Considered by the Select Committee on Communication, Marine and Natural Resources on 6th July, 2004*].

**23.** (*l*) An Bille Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Electricity (Supply) (Amendment) Bill 2004 [*Seanad*] — Order for Report.

**26.** (*l*) An Bille Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2002 — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Ombudsman (Defence Forces) Bill 2002 — Order for Report.

**24.** An Bille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).
International Criminal Court Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).

## FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
## NOTICE OF NEW BUSINESS

***a*13*a*.** An Bille um Cheartas Coiriúil 2004 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice Bill 2004 — Order for Second Stage.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

Tíolactha:
Presented:

***a*13*a*.** An Bille um Cheartas Coiriúil 2004 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice Bill 2004 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú agus do leathnú chumhachtaí an Gharda Síochána i ndáil le cionta a imscrúdú, do leasú an dlí choiriúil agus nós imeachta choiriúil ar shlite eile, lena n-áirítear socrú a dhéanamh maidir le hinghlacthacht ráiteas finnéithe áirithe i bhfianaise, leathnú a dhéanamh ar na himthosca ina bhféadfaidh an tArd-Aighne sa chás, nó más rud é gurb é nó í an t-údarás ionchúisimh sa triail, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ceist dlí a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach lena cinneadh nó achomharc a dhéanamh in imeachtaí coiriúla, srianadh ar na cionta lena mbaineann alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, leasú ar dhlínse na Cúirte Dúiche in ábhair choiriúla, muirir sheasta a fhorchur i leith cionta áirithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, leasú ar na ceanglais maidir le deimhniú arm tine a eisiúint agus leasú ar an *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, ar leasú é a bhaineann le heisiúint agus le forghníomhú barántas áirithe, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend and extend the powers of the Garda Síochána in relation to the investigation of offences, to amend criminal law and procedure in other respects, including provision for the admissibility in evidence of certain witness statements, an extension of the circumstances in which the Attorney General in the case or, if he or she is the prosecuting authority in a trial, the Director of Public Prosecutions may refer a question of law to the Supreme Court for determination or take an appeal in criminal proceedings, a restriction of the offences to which section 10(4) of the Petty Sessions (Ireland) Act 1851 applies, an amendment of the jurisdiction of the District Court in criminal matters, the imposition of fixed charges in respect of certain offences under the Criminal Justice (Public Order) Act 1994, an amendment of the requirements for the issue of a firearms certificate and an amendment of the Petty Sessions (Ireland) Act 1851 relating to the issue and execution of certain warrants, and to provide for related matters.

*— An tAire Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**14.** ''Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2004]:

Estimates for Public Services [2004]:

*Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) (Meastachán Athbhreithnithe).*

Go ndeonófar suim nach mó ná €163,240,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2004, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair, agus ranníocaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta.

*Vote 28 (Foreign Affairs)* (*Revised Estimate*).

That a sum not exceeding €163,240,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2004, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Foreign Affairs, and for certain services administered by that Office, including grants-in-aid, and contributions to International Organisations.

*Vóta 29 (Comhar Idirnáisiúnta) (Meastachán Athbhreithnithe).*

Go ndeonófar suim nach mó ná €400,030,000 chun íoctha an mhuirir a

*Vote 29 (International Co-operation)* (*Revised Estimate*).

That a sum not exceeding €400,030,000 be granted to defray the charge which will

thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2004, le haghaidh Cúnaimh Oifigiúil Forbartha áirithe, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair áirithe agus le haghaidh ranníocaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe a bhaineann le Cúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastal agus caiteachas i ndáil leis an gcéanna.

come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2004, for certain Official Development Assistance, including certain grants-in-aid, and for contributions to certain International Organisations involved in Development Assistance and for salaries and expenses in connection therewith.''

— *An tAire Airgeadais*.

---

**14*a*.** ''Go n-údaraíonn Dáil Éireann leis seo, chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 gurb é an Comhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí an comhchoiste dá dtagraítear in alt 32(2) den Acht sin agus gurb é a chomhallfaidh feidhmeanna an choiste sin.

That the Joint Committee on Finance and the Public Service is hereby authorised by Dáil Éireann for the purposes of the Freedom of Information Act 1997 to be the joint committee referred to in section 32(2) of that Act and to discharge the functions of such committee.''

— *Máire Ní Ainifín, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh*.

---

**15.** ''Go gceadaíonn Dáil Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndréacht:—

Na Rialacháin um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Forordaithe) 2004,

ar leagadh cóipeanna díobh ina ndréacht faoi bhráid Dháil Éireann an 30 Meitheamh, 2004.

That Dáil Éireann approves the following Regulations in draft:—

Taxes Consolidation Act 1997 (Prescribed Research and Development Activities) Regulations 2004,

copies of which were laid in draft before Dáil Éireann on 30th June, 2004.''

— *An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta*.

---

**16.** ''Go gceadaíonn Dáil Éireann, de bhun Airteagal 29.5.2° de Bhunreacht na hÉireann, téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann maidir le Tarchur Gáis Nádúrtha leis an Dara Píblíne idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Éire agus trí Cheangal go dtí Oileán Mhanann idir Éire, den chéad pháirt agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ar leagadh an téacs de faoi bhráid Dháil Éireann an 23 Meitheamh, 2004.

That Dáil Éireann, pursuant to Article 29.5.2° of Bunreacht na hÉireann, approves the terms of the Agreement between the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland and the Government of Ireland relating to the Transmission of Natural Gas by a Second Pipeline between the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland and Ireland and through a Connection to the Isle of Man between Ireland, of the first part and the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland, of the other part, the text of which was laid before Dáil Éireann on 23rd June, 2004.''

— *An tAire Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha*.

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY.

**23.** (*l*) An Bille Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Electricity (Supply) (Amendment) Bill 2004 [*Seanad*] — Order for Report.

---

**24.** An Bille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).
International Criminal Court Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).

---

P.T.O.

**26.** (*l*) An Bille Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2002 — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Ombudsman (Defence Forces) Bill 2002 — Order for Report.

## MEMORANDA

*Déardaoin,* 8 *Iúil,* 2004
*Thursday, 8th July,* 2004

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, LH2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan i Seomra Coiste 3, LH2000, ar 9.30 a.m. (príobháideach).
Meeting of the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m. (private).

---

Cruinniú den Chomhchoiste ar Airteagal 35.4.1 den Bhunreacht agus ar alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924 i Seomra Coiste 4, LH2000, ar 10.30 a.m. (príobháideach).
Meeting of the Joint Committee on Article 35.4.1 of the Constitution and section 39 of the Courts of Justice Act 1924 in Committee Room 4, LH2000, at 10.30 a.m. (private).

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, LH2000, ar 11 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 3, LH2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 3, LH2000, at 11.30 a.m.

---

Cruinniú den Fhochoiste um Chearta an Duine i Seomra Coiste 4, LH2000, ar 12 meán lae.
Meeting of the Sub-Committee on Human Rights in Committee Room 4, LH2000, at 12 noon.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 2, LH2000, ar 2.30 p.m.
Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 2, LH2000, at 2.30 p.m.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) Na Rialcháin um Thoghchán Uachtaráin (Caiteachais a Chúiteamh) 2004.

2) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagadh síos in Airteagal 3 den

*Statutory:*

1) Presidential Election (Reimbursement of Expenses) Regulations 2004.

2) Proposal for a Council Decision on the fulfillment of the conditions laid down in Article 3 of the Additional Protocol to the

Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú Eorpa lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhulgáir den pháirt eile, maidir le fadú ar an tréimhse a rabhthas ag súil léi in Airteagal 9(4) de Phrótacal 2 den Chomhaontú Eorpa mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM(2004) 411.

Europe Agreement establishing an association between the European Communities and their Member States, of the one part, and Bulgaria, of the other part, with regard to an extension of the period foreseen in Article 9(4) of Protocol 2 of the Europe Agreement together with explanatory information note.
COM(2004) 411.

3) Tuairim an Choimisiúin de bhun Airteagal 251(2), an tríú fo-mhír, pointe (*c*) de Chonradh CE, ar leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar comhsheasamh ón gComhairle maidir leis an togra le haghaidh Cinnidh ón Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár gníomhaíochta de chuid an Chomhphobail chun eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an chultúir ag an leibhéal Eorpach a chur chun cinn mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2004) 211.

3) Opinion of the Commission pursuant to Article 251(2), third subparagraph, point (*c*) of the EC Treaty, on the European Parliament's amendments to the Council's common position regarding the proposal for a Decision of the European Parliament and of the Council establishing a programme of Community action to promote organisations active at European level in the area of culture together with explanatory information note.
COM (2004) 211.

4) Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Ráitis Airgeadais, 2002.

4) Athlone Institute of Technology. Financial Statements, 2002.

5) Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa, 2003.

5) Cork Institute of Technology. Financial Statements for the year ended 31 August, 2003.

6) Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa, 2003.

6) Waterford Institute of Technology. Financial Statements for the year ended 31 August, 2003.

7) An tOrdú um an Acht Toghcháin 1997 (Alt 53) 2004.

7) Electoral Act 1997 (Section 53) Order 2004.

8) An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Tuarascáil Bhliantúil, 1999.

8) National Standards Authority of Ireland. Annual Report. 1999.

9) An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Tuarascáil Bhliantúil, 2000.

9) National Standards Authority of Ireland. Annual Report. 2000.

10) An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tuarascáil Bhliantúil, 2003.

10) Standards in Public Offices Commission. Annual Report, 2003.

11) Stocmhalartán na hÉireann. Tuarascáil Bhliantúil chun an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990, do 2003.

11) The Irish Stock Exchange. Annual Report to the Minister for Enterprise, Trade and Employment, pursuant to Part V of the Companies Act 1990, for 2003.

*Neamhreachtúil:*

1) Tithe an Oireachtais. An Roghchoiste um Chumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha. Tuarascáil ar Thairiscint maidir le gás nádúrtha a iompar le Dara píblíne. Iúil 2004.

*Non-Statutory:*

1) Houses of the Oireachtas. Select Committee on Communications, Marine and Natural Resources. Report on Motion re. Transmission of natural gas by Second pipeline. July 2004.

2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Tuarasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. An Cúigiú Tuarascáil: Na Mná i gCúrsaí Spóirt. Iúil 2004.

2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Arts, Sport, Tourism, Community, Rural and Gaeltacht Affairs. Fifth Report: Women in Sport. July 2004.

---

Wt. 3148. 564. 7/04. Cahill. (X46320). Gr. 30-15.